Parlaimint na hEorpa
2019-2024

An Coiste um Iascach

2020/0302(COD)

29.4.2021

***I
DRÉACHT-TUARASCÁIL

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil tuinnín ghoirm (Thunnus thynnus) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010
(COM(2020)0670 – C9-0336/2020 – 2020/0302(COD))

An Coiste um Iascach

Rapóirtéir: Gabriel Mato

(Nós imeachta simplithe - Riail 52(1) de na Rialacha Nós Imeachta)

Eochair do na siombailí a úsáidtear

*	An nós imeachta comhairliúcháin
***	Nós imeachta an toilithe
***I	An gnáthnós imeachta reachtach (an chéad léamh)
***II	An gnáthnós imeachta reachtach (an dara léamh)
***III	An gnáthnós imeachta reachtach (an tríú léamh)

(Braitheann an cineál nós imeachta ar an mbunús dlí a mholtar don dréachtghníomh.)

Leasuithe ar dhréachtghníomh

Leasuithe ó Pharlaimint na hEorpa arna leagan amach in dhá cholún

Léirítear téacs atá scriosta le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar chlé Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile le ***cló trom iodálach*** sa dá cholún Léirítear téacs nua le ***cló trom iodálach*** sa cholún ar dheis.

Sa chéad líne agus sa dara líne den cheanntásc a ghabhann le gach leasú, sonraítear an chuid ábhartha den dréachtghníomh atá á breithniú. Má bhaineann leasú le gníomh atá cheana ann agus go bhfuil sé i gceist é a leasú leis an dréachtghníomh, bíonn an tríú líne i gceanntásc an leasaithe ina sonraítear an gníomh atá cheana ann agus bíonn an ceathrú líne ann ina sonraítear an fhoráil den ghníomh sin is mian le Parlaimint na hEorpa a leasú.

Leasuithe ó Parlaimint na hEorpa i bhfoirm téacs comhdhlúite

Aibhsítear téacs nua le ***cló trom iodálach.*** Léirítear téacs atá scriosta trí leas a bhaint as an tsiombail ▌ nó cuirtear líne tríd an téacs. Léirítear téacs atá curtha in ionad téacs eile tríd an téacs nua a aibhsiú le ***cló trom iodálach*** agus tríd an téacs atá á ionadú a scriosadh nó trí líne a chur tríd.
Mar eisceacht air sin, ní aibhsítear athruithe atá go hiomlán teicniúil arb athruithe iad a rinne na ranna dréachtaithe nuair a bhí an téacs críochnaitheach á ullmhú.

CLÁR

Leathanach

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA 5

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN 6

DRÉACHT-RÚN REACHTACH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear clár maidir le doiciméid um ghabháil tuinnín ghoirm (Thunnus thynnus) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 640/2010
(COM(2020)0670 – C9-0336/2020 – 2020/0302(COD))

(Gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)

Tá *Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig an bParlaimint agus chuig an gComhairle (COM(2020)0670),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 43(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0336/2020),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 27 Eanáir 2021[1],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach (A9-0000/2021),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh, lena nglacann sí ceannas ar thogra an Choimisiúin;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

[1] Níor foilsíodh fós san Iris Oifigiúil.

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Cúlra an Togra

Is Páirtí Conarthach é an tAontas sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh ('Coinbhinsiún ICCAT') ó bhí 1997 ann.

Tá Coinbhinsiún ICCAT ina chreat do chomhar réigiúnach i ndáil le caomhnú agus bainistiú tuinníní agus speicis atá cosúil le tuinníní san Aigéan Atlantach agus sna farraigí máguaird tríd an gCoimisiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú ('ICCAT') a bhunú.

Tá an t-údarás ag ICCAT moltaí ceangailteacha a ghlacadh maidir le caomhnú agus bainistiú na n-iascach atá faoina chúram. Is ar Pháirtithe Conarthacha ICCAT, amhail an Aontais, go háirithe, a bhíonn na gníomhartha sin dírithe, ach cuireann siad oibleagáidí ar oibreoirí príobháideacha (e.g. máistrí soithigh) chomh maith.

Ábhar an Togra

Leagtar amach sa togra seo [COM (2020) 670] na rialacha do Chlár Aontais maidir le Doiciméid um Ghabháil Tuinnín Ghoirm chun go gcuirfear i bhfeidhm bearta caomhnaithe agus bearta bainistithe a ghlac ICCAT faoina Scéim Dhoiciméid um ghabháil tuinnín ghoirm. Is é an fheidhm atá leis an Scéim tionscnamh gach tuinnín ghoirm a shainaithint.

Tá Clár Aontais maidir le Doiciméid um Ghabháil i bhfeidhm cheana faoi Rialachán Uimh 640/2010. Sa togra atá á bhreithniú faoi láthair, a bhfuil sé beartaithe go ndéanfar Rialachán (CE) Uimh 640/2010 a aisghairm leis, déanfar gabháil an tuinnín ghoirm agus ócáidí trádála an Tuinnín Ghoirm ina dhiaidh sin a thaifeadadh agus a bhailíochtú trí chóras leictreonach de dhoiciméid um ghabháil Tuinnín Ghoirm (r-DGTG) atá ag feidhmiú ó bhí 2017 ann agus atá in úsáid cheana ag Ballstáit agus oibreoirí. Leagtar síos sa togra gur féidir doiciméid pháipéir (DGTG, Doiciméad Um Ghabháil an Tuinnín Ghoirm) a chur in ionad an chórais leictreonaigh ar bhonn eisceachtúil, nuair is comhionann ceanglais na ndoiciméad páipéir agus ceanglas an chórais leictreonaigh.

Ina theannta sin, bunaítear leis an togra forálacha ginearálta maidir le leas a bhaint as doiciméid um ghabháil agus ath-onnmhairiúchán an Tuinnín Ghoirm agus leagtar síos leis rialacha maidir le gabháil an Tuinnín Ghoirm agus ócáidí trádála an Tuinnín Ghoirm ina dhiaidh sin a thaifeadadh agus a bhailíochtú. Leagtar síos rialacha sonracha maidir le héisc chlibeáilte. Tá forálacha ann freisin maidir le fíorúchán roimh bhailíochtú, tarchur sonraí úsáideoirí r-DGTG agus tuairisciú bliantúil chuig ICCAT. Ar deireadh, moltar ann úsáid fhorleathan gníomhartha tarmligthe sa todhchaí chun an bunghníomh a mhodhnú (in Airteagal 14).

Tuairim an Rapóirtéara

Is díol sásaimh don Rapóirtéir go bhfuil an Coimisiún tar éis tabhairt faoi bheart chun Moltaí ICCAT a dhian-trasuí agus, ar an gcaoi sin, gur bunaíodh machaire comhréidh do na hoibreoirí uile. Tá sé ríthabhachtach dár n-oibreoirí agus do rialachas idirnáisiúnta na nAigéan

a fheabhsú, coinníollacha comhionanna a chinntiú do gach duine, a fhad is atá ardchaighdeáin inbhuanaitheachta AE do fhlíteanna eachtracha á gcur chun cinn trí ghníomhaíocht AE in Eagraíocht Réigiúnach Bainistithe Iascaigh (ERBInna) agus fóraim idirnáisiúnta eile.

Creideann an Rapóirtéir go bhfuil sé tábhachtach, *vis-à-vis* na hoibreoirí, an pobal agus ár dtíortha comhpháirtíochta, go molfadh an Coimisiún trasuí tapa mholtaí ERBInna, le moilleanna i gcur chun feidhme forálacha áirithe a sheachaint. Níl ciall ná reasún le moltaí ICCAT a théann siar go 2018 agus a bhfuil spriocdhátaí do 2020 leagtha amach iontu a bheith á nglacadh in 2021.

I bhfianaise an mhéid sin, agus ós rud é go bhfuil beart trasuí atá thar a bheith teicniúil ag baint leis an gcomhad sin, gan aon ábhar polaitiúil substaintiúil ag roinnt leis, tá cinneadh déanta ag an Rapóirtéir gan aon leasuithe ar an togra ón gCoimisiún a thíolacadh.